



**Rochtain Réamhscoile Níos Fearr do Leanaí faoi Mhíchumas ‘An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú: AIM’ nocht
Áitíonn an tAire Zappone ar Thuismitheoirí iarratas a dhéanamh**

Beidh rochtain níos fearr ag leanaí faoi mhíchumas ar an réamhscolaíochta faoi chlár nua tacaíochtaí a nochtadh inniu (an 15 Meitheamh, 2016) ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, An Dr. Katherine Zappone TD.

Agus an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú nua, nó AIM, á fógairt aici dúirt an tAire Zappone:

“Is céim thábhachtach í seo ó thaobh na constaicí atá roimh leanaí faoi mhíchumais a bheith ag glacadh páirte i gClár Cúram agus Oideachas na Luath-óige a bhriseadh síos.

Ba chóir do thuismitheoirí agus soláthraithe réamhscoile atá ag iarraidh leas a bhaint as AIM a n-iarratais a dhéanamh anois ionas gur féidir leo pleanáil a dhéanamh maidir le rollú i mí Mheán Fómhair.

Táim tiomanta de bheith ag obair i dtreo sochaí níos bríomhaire, níos cuimsithí agus níos fulangaí a thacaíonn le gach leanbh, go cothrom, chun a gcumas a bhaint amach - inniu tá céim thábhachtach eile tógtha againn chun é sin a bhaint amach".

Is samhail leanbhliárnach í AIM, ina bhfuil seacht leibhéal tacaíochta comhleanúnaí, ag gluaiseacht ó thacaíocht uilíoch go dtí tacaíocht spriocdhírthe, ag brath ar riachtanais an linbh. Tá sé á thabhairt isteach inniu chun ligean do thuismitheoirí agus do sholáthraithe réamhscoile iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí agus go mbeidh siad in ann pleanáil chun cinn don rollú i Meán Fómhair. Tá raon tionscnamh éagsúla á seoladh mar chuid den tsamhail seo mar seo a leanas:

- D’fhonn cultúr cuimsitheach a chothú d’fhoilsigh an tAire **Cairt Chuimsithe** nua don earnáil Luathbhlianta, chomh maith **Treoirínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe nuashonraithe agus neartaithe maidir le**

Cúram agus Oideachas na Luath-Óige. Beidh clár oiliúna maidir leis na treoirlínte a rolladh anois go náisiúnta sna míonna amach romhainn.

- Déanfar iarratais a oscailt an tseachtain seo le haghaidh **clár ardoideachais** nua do chleachtóirí luathbhlianta (LINC) a thosóidh i mí Mheán Fómhair. Tá an clár LINC á sheachadadh ag cuibhreannas, faoi stiúir Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, mar aon le Rannóg Froebel de chuid Bhunoideachas agus Oideachas na Luath-Óige, Ollscoil Mhaigh Nuad agus Luath-Óige Éireann. An Roinn Oideachais agus Scileanna a rinne maoiniú ar forbairt agus ar dhearadh an chlár ó mhaoiniú ó chuntais díomhaoin, agus déanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoiniú le haghaidh suas le 900 áit in aghaidh na bliana ar an gclár seo. Beidh céimithe ón gclár in ann ról ceannaireachta nua a ghlacadh mar Chomhordaitheoir Cuimsithe laistigh dá suíomh réamhscolaíochta a mheallfaidh méadú de €2 an pháiste in aghaidh na seachtaine sa ráta caipitíochta ECCE iníochta leis an suíomh sin. Tá an clár mar chuid de phacáiste níos leithne oideachais agus oiliúna chun scileanna lucht saothair na luathbhlianta a fheabhsú maidir le cuimsiú agus míchumas.
- Tá **seirbhís speisialaithe náisiúnta** oscailte le haghaidh gnó ón lá inniu amach. Tríd an tseirbhís sin, atá bunaithe ar i Tús Níos Fearr, an tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cháilíocht na Luathbhlianta, tá saincomhairle, meantóireacht agus tacaíocht ar fáil ó fhoireann 50 speisialtóir i gcúram agus oideachas luathbhlianta do leanaí atá faoi míchumas.
- Tá scéim náisiúnta nua ar fáil ó Dé hAoine an 24 Meitheamh, a **sholáthróidh trealamh speisialaithe, fearais agus mionathruithe** atá riachtanach chun tacú le rannpháirtíocht an linbh sa chlár ECCE.
- Tá scéim náisiúnta nua ar fáil ón Dé hAoine an 17 Meitheamh, a sholáthróidh **caipitíocht bhreise** do sholáthraithe réamhscoile sa chás ina bhfuil sé sin riachtanach tacaíocht bhreise. Meastar nach mbeidh gá ach le 1 go 1.5% de leanaí sa réamhscoil, agus dá bhrí sin a bheith i dteideal, na scéime caipitíochta breise sin.
- Tá **láithreán gréasáin nua tiomnaithe** ar AIM á sheoladh inniu. Áirítear ann eolas cuimsitheach maidir leis an tsamhail agus conas iarratas a dhéanamh ar na scéimeanna agus na tacaíochtaí nua. Áirítear ann chomh maith an Chairt Chuimsithe nua agus Treoirlínte, chomh maith le raon acmhainní eile.

